# Caibidil a Ceathair Déag
# Forálacha Eile den Ordú um Earraí Grósaera

## 14.1 Réamhrá

Mhol an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí go ndéanfaí aisghairm ar an Ordú um Earraí Grósaera ina iomlán. Tá sé molta cheana féin againn aisghairm a dhéanamh ar Airteagal 11, 12 agus 13 den Ordú.

Tá tuairimí éagsúla in aighneachtaí a fuarthas maidir le héifeachtachas Acht Iomaíochta, 2002 ó thaobh déileáil le cleachtais frith-iomaíochta sa trádáil grósaera. Tá sé riachtanach mar sin, tástáil a dhéanamh ar an teoiric a chuir gach aon taobh den argóint chun tosaigh agus tuairim a bhunú ar an ábhar.

Creidimid de bharr cúiseanna a bhaineann le stádas dlíthiúil an Ordaithe (féach Caibidil a Dó Dhéag) gur chóir an tOrdú a aisghairm agus gur chóir aon forálacha a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun cóir-thrádáil a chinntiú san earnáil a athlua trí leasú a dhéanamh ar Acht Iomaíochta, 2002.

Féachaimid anois ar na forálacha eile san Ordú agus measaimid cibé ar chóir deireadh a chur leo nó nár chóir.

## 14.2 Na hArgóintí

Tá sé ráite ag an Údarás Iomaíochta nach dteastaíonn an tOrdú níos mó de bhrí go dtugann Acht 2002 cumhachtaí níos láidre ar an Údarás tabhairt faoi chleachtais gnó frith-iomaíochta. Go sonrach, cuireann an tAcht cosc ar chleachtais mar phraghas athdhíolta a chothabháil agus mí-úsáid cumhacht ceannaitheora mar airgead hello.

I 1991, ba é tuairim an mhóraimh sa Choimisiúin um Chleachtais Srianta ná go mba leor é an tAcht Iomaíochta chun cosc a chur ar chleachtais frith-iomaíochta sa trádáil grósaera. Bhí imní orthu freisin go bhféadfadh an tOrdú éifeachtachas an Achta a laghdú.

Bhí an tuairim chéanna ag Airí ina dhiaidh sin. I Alt 3.10 chuireamar síos tuairim Desmond O'Malley nuair a bhí sé ina Aire Tionscal & Tráchtála agus dúirt sé i 1992:

> *"The new legislation (i.e. the Competition Act)…has a much wider scope than the Restrictive Practices legislation (i.e. the Groceries Order) and there is therefore no cause to retain legislation parallel to the Competition Act indefinitely."*

I 1993, scríobh an Roinn Fiontar & Fostaíochta:

> *"As long as the Grocery (sic) Order exists those engaged in the grocery trade will rely on the enforcement powers of the Director (of Consumer*

*Affairs) rather than action under the Competition Act as was intended to be the case."*[1]

Agus i 1995, rinne an tAire a bhí ann ag an am tagairt don phlean a bhí ann forálacha Acht 1991 a neartú agus dúirt sé;

*"When this legislation is on the statute books and in operation, I will then consider revoking the Groceries Order…I am convinced that the Groceries Order is not the best instrument for dealing with competition in this sector in the long-term… "*[2]

Deir roinnt de lucht tacaithe an Ordaithe má fhaightear réidh leis, ní amháin go gcaillfimid amach ar chosc ar dhíolachán faoin nglan-phraghas ar an sonrasc ach freisin forálacha tábhachtacha a dhéileálann le saincheisteanna mar phraghsanna athdhíolta a chothabháil agus "airgead hello".

## 14.3 An tAcht Iomaíochta 2002

Sonraíonn Alt 4 agus 5 d'Acht Iomaíochta 2002 na cleachtais frith-iomaíochta a gcuirtear cosc orthu leis an Acht. Tá cóip de théacs iomlán na nAltanna sin curtha isteach ag Aguisín a Trí Déag den Tuarascáil seo.

Tá foráil iontu in achoimre mar seo a leanas:

Cuireann **Alt 4** cosc ar gach socú idir gealltanais, cinntí a dhéanann cumainn gealltanas, agus cleachtais chomhaontaithe a bhfuil sé mar chuspóir nó éifeacht acu cosc, srian nó díchumadh a dhéanamh ar iomaíocht. I measc cleachtas sainiúil a bhfuil cosc orthu tá praghsanna ceannacháin nó díolacháin a shocrú nó coinníollacha neamhchosúla a leagan síos i gcás idirbheartaíochtaí comhionann.

Cuireann **Alt 5** cosc ar mhí-úsáid seasamh ceannasach *"…in the State or in any part of the State…"* by one or more undertakings. I measc liosta cosúil leis sin nach bhfuil críochnúil de mhí-úsáidí sonracha tá praghsanna ceannacháin nó díolacháin neamhchóra a ghearradh agus coinníollacha neamhchosúla a leagan síos i gcás idirbheartaíochtaí comhionann.

Imscrúdóimid gach ceann de phríomhfhorálacha an Ordú um Earraí Grósaera agus scrúdófar conas a dhéileálann an tAcht leo.

## 14.4 Cothabháil Praghsanna Athdhíolta agus Cumhacht chun Soláthairtí a Shiarchoinneáil

Gan amhras is cleachtas é Cothabháil Praghsanna Athdhíolta a bhaineann le *"directly or indirectly fix(ing) purchase or selling prices or any other trading conditions".* Sin iad na focail beachta atá i s. 4 (1) (a) d'Acht 2002.

[1] Féach Caibidil 3.11 thuas
[2] Féach Caibidil 3.12 thuas

Cuireann an chuid sin den Acht cosc ar *"…all agreements,…decisions by associations,…and concerted practices…"* a bhfuil an éifeacht thuas acu.

Mar sin féin, tá dhá chineál RPM ann – aonair agus bailitheach (Féach Alt 6.6 thuas).

Is í an t-aon cheist a thagann chun cinn mar sin ná cibé an bhfuil an foclaíocht i s. 4 (1) curtha ar bhealach a chuirfeadh cosc ar RPM aonair. Ar bheagán focal an féidir a mheas go bhfuil comhaontú idir gealltanais nuair a fhéachann soláthróir aonair praghas athdhíolta socraithe a ghearradh ar a cheannaitheoir?

Tá cás dlí éigin san Eoraip a deir gur féidir gníomh aontaobhach a bhreithniú mar chuid de chomhaontú nuair a leagtar síos "comhchumaracht toile", .i. má ghlacann an ceannaitheoir leis an socrú praghsála a mholann soláthróir. Mar sin féin ní féidir toiliú a mheas i gcónaí in imthosca den sórt sin.

Tá imscrúdú déanta againn ar fhorálacha reachtúla i ndlínsí eile[3] agus gan amhras is féidir le cothabháil praghsanna athdhíolta tarlú nuair a fhéachann páirtí amháin le íosphraghas athdhíolta a ghearradh ar pháirtí eile.

Breithnímid go mbeadh sé inmhianta an t-amhras sin a sheachaint i gcomhthéacs Acht 2002. Leagfaimid amach leasú níos déanaí sa Chaibidil a neartóidh an tAcht go mór leis sin.

De bhrí nach gcreidimid go mbaintear an oiread sin úsáide as an gcumhacht a bhronntar ar sholáthróirí soláthairtí a shiarchoinneáil ná go bhfuil an cumhacht sin chomh riachtanach sin ionas go bhfeidhmeoidh an tionscal i gceart, féadfar an foráil sin a aisghairm chomh maith.

Molaimid go ndéanfaí aisghairm ar Airteagal 3 & 4 d'Ordú 1987 agus go gcuirfí an leasú atá molta d'Acht 2002 ina n-áit.

## 14.5 Socruithe Socrú Praghsanna

Breithnimid go bhfuil sé soiléir do chách go ngabhann Alt 4 d'Acht 2002 forálacha Airteagal 5 & 6 d'Ordú 1987.

Mar thoradh air sin molaimid go ndéanfaí aisghairm ar Airteagal 5 & 6.

## 14.6 Idirdhealú Neamhchóir

I measc an chineál idirdhealaithe neamhchóir a gcuireann Airteagal 7 go dtí 10 d'Ordú 1987 cosc air tá idirdhealú ar na forais nach comhalta de chuid cumann trádála é an duine, ag cur brú ar dhaoine eile soláthairtí a shiarchoinneáil, aon chomhaontú chun teorainn nó srian a chur ar iontráil chuig an trádáil, agus iarracht chun baghcat a dhéanamh ar aon duine.

[3] Féach mar shampla, Trade Practices Act, 1974 na hAstráile atá an-sonrach sa chás sin. Freisin a. 38 den Commerce Act, 1986 (Nua Shéalainn).

Arís eile, breithnímid go ngabhann Alt 4 d'Acht 2002 cleachtais neamhchóra nó idirdhealaitheacha den sórt sin agus, go deimhin, alt 5 má thugann comhlacht ceannasach faoi.

Mar sin is féidir cúlghairm a dhéanamh ar Airteagal 7 go dtí 10 d'Ordú 1987 gan mórán deacrachta.

## 14.7 Ráiteas Téarmaí agus Coinníollacha

Tá sé molta cheana féin againn go ndéanfaí aisghairm ar Airteagal 13 den Ordú. Mar thoradh air sin ní bheidh Airteagal 14 agus 15, ag teastáil níos mó agus féadfar iad sin a aisghairm freisin.

Le hAlt 4 (1) (d) agus 5 (1) (d) den Acht Iomaíochta is ionann é agus cion aon choinníollacha neamhchosúla a chur i bhfeidhm le hidirbheartaíochtaí comhionann, ceann de na príomhspriocanna atá taobh thiar de na hAirteagail sin. Go deimhin, tá an tAcht i bhfad níos éifeachtaí ar an mbealach sin mar nach mbeidh an aimhrialtacht a bhaineann le téarmaí forlíontacha chomh cruthanta d'uireasa forálacha an Ordaithe.

Ceist amháin a thiocfaidh chun cinn dar linn ná an cheist cibé an leor forálacha Airteagal 4 den Acht chun cosc a chur ar aon iarracht a dhéanfaidh an gealltanas *aonair* téarmaí neamhchosúla a chur i bhfeidhm i gcás idirbheartaíochtaí cosúla.

Breithnímid go mbeadh sé inmhianta Acht 2002 a neartú go mór lena chinntiú go gcuirtear cosc ar a leithéid de ghníomh ó aon duine. Leagaimid amach thíos an cineál leasaithe den Acht, a chreidimid a mbeadh an éifeacht sin aige.

## 14.8 Téarmaí Creidmheasa

Tá forálacha maidir le íocaíocht pras billí san áireamh i reachtaíocht pras íocaíochtaí a tugadh isteach i 2002.[4]

Ní theastaíonn an foráil seo in Airteagal 16 níos mó.

## 14.9 Earraí Impórtáilte

Ní dóigh linn go dtagann forálacha Airteagal 17, le forálacha Chonradh an AE ar shaorghluaiseacht earraí agus ba chóir iad a aisghairm.

## 14.10 Liúntais Fhógraíochta agus "airgead hello"

[4] Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 (I.R. 388 de 2002)

Is mí-úsáid ar chumhacht ceannaitheora iad cleachtais den sórt sin agus, dar leis an Údarás Iomaíochta, tá siad in aghaidh an dlí de réir Alt 5 d'Acht 2002 nuair a bhíonn na cleachtais ar bun ag comhlacht ceannasach.

Mar sin féin, creidimid gur chóir Alt 4 den Acht a neartú chun cosc sonrach a chur ar chleachtais den sórt sin beag beann ar cheannas ná ar chumhacht ceannacháin agus lena chinntiú nach mbíonn siad forleathan sa trádáil. Molaimid thíos an cineál leasaithe, leasú a chreidimid a mbeidh an éifeacht sin aige.

## 14.11 Leasú atá Molta ar Acht Iomaíochta 2002

Moltar go ndéanfaí leasú ar Alt 4 d'Acht Iomaíochta 2002 chun an fo-alt (2) seo a leanas a chur isteach ann:

*"Ní fhéachfaidh aon duine ná gealltanas le haon cheann dóibh seo a leanas a dhéanamh:*

- *(a) éileamh a dhéanamh, trí bhagairt, mealladh, comhéigean, comhaontú nó eile, ar aon duine eile aon earraí a athdhíol nó a thairiscint le hathdhíol ag praghas socraithe nó ag praghas os cionn íosphraghas sonraithe;*
- *(b) téarma i gconradh a bhrú, trí bhagairt, mealladh, comhéigean, comhaontú nó eile ar aon duine eile agus go mbeadh mar thoradh air sin ar an duine sin aon earraí a athdhíol nó a thairiscint le hathdhíol ag praghas socraithe nó ag praghas os cionn an íosphraghas sonraithe;*
- *(c) coinníollacha neamhchosúla a chur i bhfeidhm i gcás idirbheartaíochta comhionann le páirtithe trádála eile agus as sin iad a chur faoi mhíbhuntáiste iomaíochta*
- *(d) íocaíocht a dhéanamh le haon duine a bhfuil sé ag soláthar earraí dó chun críche athdhíolta maidir le fógraíocht earraí den tsórt sin nó maidir le soláthar spáis díolta, spás díolta breise nó spás díolta áirithe do na hearraí atá á soláthar le hathdhíol.*
- *(e) íocaíocht a fháil ó aon duine óna bhfuil sé ag ceannach earraí le hathdhíol maidir le fógraíocht earraí den tsórt sin nó maidir le soláthar spáis díolta, spás díolta breise nó spás díolta áirithe do na hearraí atá á gceannach le hathdhíol."* ***(Ní leagan oifigiúil)***

Beidh gá le leasuithe iarmartacha ar fo-ailt eile d'alt (4).

Ba chóir go mbeadh gach leasú faoi réir ag dréachtú dleathach foirmiúil ó Oifig Línitheora na Parliaminte.

## 14.12 Conclúid

Agus moladh déanta cheana againn in Alt 7.14 thuas gur chóir Airteagal 11, 12 agus 13 den Ordú um Earraí Grósaera a aisghairm, molaimid anois go ndéanfaí aisghairm iomlán ar gach foráil den Ordú atá fanta agus an leasú atá molta d'Acht Iomaíochta 2002 (féach Alt 14.11) a chur ina n-áit.